Tuilte sa Tuaisceart

Leibhéal B2

A: MACHNAMH

Réamhchleachtadh 1

Beidh tú ag féachaint ar mhír ar ball faoin damáiste a rinne Stoirm Babet sa Tuaisceart. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus pléigí na ceisteanna thíos le chéile:

1. Conas atá an aimsir inniu?
2. An cuimhin leat stoirmeacha an tséasúir ar fad go dtí seo?
3. An ndearna na stoirmeacha sin aon damáiste i do cheantar féin?
4. Cén tslí ar féidir leis an rialtas cabhrú le daoine nuair a dhéanann stoirmeacha dochar dá dtithe?

tuilte
gála gaoithe
báisteach throm
gearrthacha cumhachta
foláireamh (buí, oráiste, dearg)
crainn leagtha
damáiste don díon srl.
maoiniú

Réamhchleachtadh 2

Déanfar tagairt do pholaitíocht an Tuaiscirt chomh maith sa mhír. Cad is féidir libh a rá faoi na híomhánna seo a leanas?

B: FOCLÓIR

1. Beidh na focail thíos le cloisteáil sa mhír ar ball. An féidir leat na leaganacha Gaeilge a aimsiú anois sula bhféachfaidh tú ar an mír? Bain úsáid as www.focloir.ie chun cuidiú leat, más gá.

to assist:	_____
damage:	_____
Secretary of State:	_____
It's a great honour:	_____
hardware:	_____
First Communion:	_____
destruction:	_____
timescale:	_____
cause, because:	_____
to rescue:	_____

2. Féach ar an mír den chéad uair. An raibh na focail chéanna agat féin?

3. Cén difríocht atá idir an dá fhocal: **gnó** agus **gnólacht?**

4. Má chiallaíonn an briathar **dáil** – *distribute*, cad is brí le **athdháil**? Cad is brí leis an ainmfhocal **dáil**? Cad is brí le **Dáil Éireann**, mar sin?

5. 'Bhí siad ag cur i leith na gcomharsan go raibh siad ag déanamh go leor torainn'. Cad is brí leis an bhfrása a bhfuil líne faoi, dar leat?

C: TUISCINT

Bí ag obair leis an duine in aice leat. Féachaigí ar an mír arís agus freagraígí na ceisteanna thíos le chéile:

1. Cén fáth ar luadh an tsuim 15 mhilliún punt sa mhír?
2. Cé hé Chris Heaton-Harris agus cén fáth a bhfuil sé luaite sa mhír?
3. Cad a dúradh faoi Shiopa Teggart?
4. Chonacthas sa mhír go raibh úinéir eile ag iarraidh earraí a siopa a shábháil. Cad a bhí i gceist?
5. Cá háit go díreach a ndearnadh an díobháil ba mhó?
6. Cé as a dtiocfaidh an 15 mhilliún punt?
7. Cá huair a bheidh an t-airgead ar fáil?
8. Cad a dúirt Eamonn Hanlon?
9. Cén fáth nach bhfuil cumhachtaí ag státseirbhísigh an Tuaiscirt?
10. Cén fáth a bhfuil páirtithe eile an Tuaiscirt ag caitheamh anuas ar an DUP maidir leis an scéal seo?

D: FEASACHT TEANGA

1: Cruinneas gramadaí (ar + séimhiú)

a. Féach ar na samplaí thíos. Cén fáth a bhfuil séimhiú ar ‘daoine’ ach nach bhfuil ar ‘deireadh’?

‘ar d**h**aoine’ vs ‘ar deireadh’

b. Bain amach na lúibíní sna samplaí thíos agus cuir isteach an séimhiú nuair is cuí:

i. ar (tábla) _____
ii. ar (tír) _____
iii. ar (fad) _____
iv. ar (meisce) _____
v. ar (cúntóir) _____
vi. ar (crith) _____
vii. ar (deis) _____
viii. (comhscór) _____
ix. ar (maidin) _____
x. ar (cathaoir) _____

2: Saibhreas teanga (Canúint Uladh)

Tá canúint Uladh ag Áine Ní Ghallchóir. Féach ar an mír uair amháin eile agus breac síos na gnéithe den teanga a deir sí chun an chanúint sin a léiriú.

An raibh na pointí céanna ag an duine in aice leat?

E: CUMARSÁID

1: Caint

Bí ag obair leis na daoine eile i do ghrúpa. Féachaigí ar na pictiúir thíos agus déanaigí codarsnacht agus comparáid idir an dá phictiúr. Cad iad na míbhuntáistí a bhaineann leis an dá chineál drochaimsire?

Tuilte

Tonn teasa agus triomach

2: Scríobh

Tá stoirm ag teacht agus tá foláireamh dearg aimsire eisithe ag Met Éireann. Cuir roinnt tvuíteanna le chéile do do chomharsanacht le comhairle maidir le conas tú féin agus do theaghlach a choinneáil slán sábháilte. Mar shampla:

- ✓ Bí cinnte go bhfuil tú féin agus do theaghlach / do chlann cóirithe mar is ceart.
- ✓ Cinntigh....
- ✓

AN SCRIPT

Eimear Ní Chonaola
Tá Rialtas na Breataine le cúig mhilliún déag punt a chur ar fáil le tíocht[1] i gcabhair ar dhaoine sa Tuaisceart a ndearna tuilte díobháil dá gcuid tithe agus gnólachtaí an tseachtain seo caite. Is é Státrúnaí an Tuaiscirt, Chris Heaton-Harris, a d'fhógair an maoiniú ach níor leagadh amach dátaí fós leis an airgead a chur ar fáil.

Áine Ní Ghallchóir
Siopa crua-earraí Teggart i nDún Pádraig i gContae an Dúin inniu – an méid atá fágtha dá ghnó teaghlaigh – agus níl siad leo féin. Cultacha na Chéad Chomaoineach á n-iompar amach, ceann i ndiaidh an chinn eile. Úinéir eile ar an bhaile céanna níos luaithe an tseachtain seo ag iarraidh cibé is féidir léi a shábháil óna gnó.

Tá scrios millteanach déanta ag tuilte na seachtaine seo a chuaigh thart i ndiaidh Stoirm Babet in go leor ceantracha[2] san oirthuaisceart. Bailte eile a buaileadh go holc ná Iúr Cinn Trá[3] agus Port an Dúnáin.

Bhí Státrúnaí an Tuaiscirt, Chris Heaton-Harris, sa cheantar inniu agus d'fhógair suas le cúig déag milliún punt de mhaoiniú. Airgead, áfach, atá ann cheana féin do Thuaisceart Éireann ach go mbeidh sé athdháilte[4] le dul i ngleic anois le scrios na dtuilte. Agus ní raibh sé ábalta amscála a thabhairt do cá huair a bheas[5] an t-airgead ar fáil.

Eamonn Hanlon, Úinéir gnó, Dún Pádraig
Tá sé uafásach. Tá súil agam go mbeidh an t-airgead ag teacht. Agus tá muintir na háite croíbhriste.

Áine Ní Ghallchóir
Ciallaíonn sé siocair nach bhfuil ann d'Fheidhmeannacht Stormont gur beag cumhachtaí atá ag státseirbhísigh sa Tuaisceart.

Ainneoin go dtáinig na Páirtithe uilig le chéile, an DUP san áireamh, ag cuartú[6] níos mó airgid ó Státrúnaí an Tuaiscirt, tá go leor ag cur i leith an DUP go dtiocfadh níos mó tarrthála a thabhairt ar dhaoine dá mbeadh siad ar ais i rialtas.

Áine Ní Ghallchóir, Nuacht TG4, Dún Pádraig.

[1] tíocht = leagan canúnach de 'teacht'
[2] ceantracha = leagan canúnach de 'ceantair'
[3] An tIúr an t-ainm oifigiúil
[4] 'athdháilithe' a dúradh
[5] 'a bheas' = a bheidh
[6] ag cuartú = leagan canúnach de 'ag cuardach'

NÓTAÍ & FREAGRAÍ

A: MACHNAMH

Réamhchleachtadh 1:

Cleachtadh gearr cainte é seo chun tús a chur le rang bríomhar ina mbeidh na foghlaimeoirí ag féachaint ar mhír nuachta, ag déanamh cleachtaí cluastuisceana agus ag comhrá faoi thopaic a bhaineann leis an mír ansin. Tabhair deis dóibh na ceisteanna a phlé le chéile. Pléigh na ceisteanna leis an rang iomlán ansin.

Réamhchleachtadh 2:

Is é aidhm an réamhchleachtaidh seo ná ábhar/topaic na míre a chur i láthair na bhfoghlaimeoirí sula bhféachfaidh siad uirthi chun tacú leis an gcluastuiscint ar ball. Is é Teach Parlaiminte Thuaisceart Éireann é agus ceanncheathrú Thionól Thuaisceart Éireann (An Fheidhmeannacht an chraobh reachtaíochta den Tionól). Tugtar Stormont ar an bhfoirgneamh mar go bhfuil sé suite ar Eastát Stormont. DUP = *Democratic Unionist Party*.

B: FOCLÓIR

1. An stór focal:

to assist	teacht i gcabhair ar
damage	díobháil
Secretary of State	Státrúnaí
hardware	crua-earraí
First Communion	an Chéad Chomaoineach
destruction	scrios
timescale	amscála
cause, because	siocair
civil servants	státseirbhísigh
to rescue	tarrtháil a thabhairt ar

2. Féach: **gnó =** *business* agus **gnólacht =** *commercial firm*.
3. Athdháil = *redistribute*; dáil = *meeting*, *assembly, convention*; Dáil Éireann = *Legislative Assembly of Ireland.*
4. Ag cur i leith duine = *accusing someone*.

C: TUISCINT

Féach ar an script.

D: FEASACHT TEANGA

1: Cruinneas gramadaí (ar + séimhiú)

a. Leanann séimhiú an réamhfhocal simplí ‘ar’ de ghnáth. Ach nuair a chuirtear staid nó suíomh in iúl fágtar an séimhiú ar lár.

Séimhiú	**Staid**	**Suíomh**
ar dhaoine	ar ball	ar muir

b. Freagraí:

i. ar thábla
ii. ar tír
iii. ar fad

iv. ar meisce
v. ar chúntóir
vi. ar crith
vii. ar dheis
viii. ar comhscór
ix. ar maidin
x. ar chathaoir

2: Saibhreas teanga (Canúint Uladh)

Féach:

- ✓ ar an bhaile (ar an mbaile i gcanúint Chonnacht agus na Mumhan)
- ✓ seo a chuaigh thart – seo caite
- ✓ ceantracha – ceantair
- ✓ ní raibh sé ábalta – ní raibh sé in ann / ní fhéadfadh sé
- ✓ siocair – de bhrí, de bharr, toisc
- ✓ uilig – ar fad, uile
- ✓ go dtiocfadh – go bhféadfadh
- ✓ san áireamh – foghraíocht 'san aireu'
- ✓ ag cuartú – ag cuardach

Cumarsáid

1: Caint

Tabhair deis do gach grúpa na pictiúir a chur i gcomparáid le chéile agus plé a dhéanamh ar na míbhuntáistí a bhaineann leis an dá chineál drochaimsire.

2: Scríobh

Caithfidh na foghlaimeoirí cúpla tvuít a scríobh don chomharsanacht le comhairle a thabhairt maidir le conas iad féin agus a dteaghlaigh a choinneáil slán sábháilte le linn stoirmeacha. Mar shampla:

- ✓ Bí cinnte go bhfuil tú féin agus do theaghlach / do chlann cóirithe mar is ceart.
- ✓ Cinntigh go bhfuil an teas ag obair agus go bhfuil ola san umar.
- ✓ Ná téigh amach mura bhfuil gá leis.
- ✓ Bíodh tóirse agus coinnle sa teach agat.
- ✓ Seiceáil isteach le seandaoine i do chomharsanacht.

Curtha ar fáil ag Ollscoil Mhá Nuad / Ollscoil na hÉireann Má Nuad | Lárionad na Gaeilge Taighde, Teagasc & Tástáil
le tacaíocht ó An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta | An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán / Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media | TG4